

SIAMSÁN SA MBAILE!

Crobhaing Bláthanna

Tá an Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4 ar Scoil. 'An Timpeallacht' téama na seachtaine seo!

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an 17 Meitheamh mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Deis ar dhearbhan dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

Crobhaing Bláthanna

Ag úsáid na mbláthanna fiáine atá ag fás in do cheantar (agus ag cloí le treoirlínte an rialtais) nó timpeall an tí, cuir crobhaing nó glac bláthanna le chéile.

Seo cúpla nod duit:

- Bíodh bláthanna éagsúla agat
- Bíodh bláthanna de dhathanna difriúla agat
- Faigh amach cén t-ainm atá ar na bláthanna
- Is féidir téama a roghnú msh bláthanna buí, bláthanna ildaite, bláthanna le gas fada, bláthanna beaga
- Is féidir na bláthanna a cheangal le chéile le ribín daite
- Is féidir na bláthanna a chur le chéile i vása
- Tabhair ainm ar an gcrobhaing a bheidh cruthaithe agat

'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Thuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta